

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*

2. An bhfuil suim agat i dteangacha? Are you interested in languages?

3. An ndeachaigh tú riamh go hÉirinn? Did you ever go to Ireland?

4. Cén áit in Éirinn ar mhaith leat dul Which place in Ireland would you like to
ann? go to?

Éasca Péasca (Olly Richards)

Easy Peasy

- | | | |
|-----|--|---|
| 1. | Caibidil 1 (a haon) – Trasna an Atlantaigh | Chapter 1 – Across the Atlantic |
| 2. | ‘A Daniel, an bhfuil tú i do dhúiseacht fós?’ a ghlaonn Julia. | ‘Daniel, are you awake yet?’ calls Julia. |
| 3. | Tá sí ina seasamh taobh amuigh de dhoras mo sheomra codlata. | She is standing outside the door of my bedroom. |
| 4. | ‘Tá, tá mé i mo dhúiseacht. Le fada. | ‘Yes, I’m awake. For a while. |
| 5. | Cén fáth?’ a fhreagraím. | Why?’ I respond. |
| 6. | ‘Tá muid ag dul go hÉirinn inniu. | !We are going to Ireland today. |
| 7. | Ní féidir linn an eitilt a chailleadh!’ | We can’t miss the flight!’ |
| 8. | ‘Ní chaillfidh muid í. Tóg go bog é. | ‘We won’t miss it. Take it easy. |
| 9. | Tá neart ama againn,’ arsa mise. | We have lots of time, I said. |
| 10. | Réitím go maith le mo dheirfiúr, Julia, den chuid is mó. | I get along with my sister, Julia, for the most part. |
| 11. | Ach cuireann sí soir mé uaireanta. | But she drives me crazy sometimes. |
| 12. | Ní maith liom é nuair a chuireann daoine brú orm. | I don’t like it when people put pressure on me. |
| 13. | Daniel is ainm dom. | My name is Daniel. |
| 14. | Tá mé 24 (fiche a ceathair) bliana d’aois. | I am 24 years old. |
| 15. | Is í Julia mo dheirfiúr. | Julia is my sister. |
| 16. | Tá sí 23 (fiche a trí) bliana d’aois. | She is 23 years old. |
| 17. | Tá an bheirt againn ag freastal ar an ollscoil. | We are both attending university. |
| 18. | Tá cónaí orainn i mBostún sna Stáit Aontaithe. | We live in Boston, in the United States. |

- | | | |
|-----|---|--|
| 19. | Tá sé an-chostasach teach a fháil ar cíós i mBostún. | It is very expensive to find a house to rent in Boston. |
| 20. | Mar sin, tá muid fós inár gcónaí lenár dtuismitheoirí, Frank agus Susan. | So, we are still living with our parents, Frank and Susan. |
| 21. | Tá muid beirt ag déanamh staidéir ar theangacha ar an ollscoil. | We are both studying languages at the university. |
| 22. | Tá mise sa tríú bliain, agus tá Julia sa dara bliain. | I am in the third year and Julia is in the second year. |
| 23. | An bhliain seo caite fuair gach mac léinn an deis teanga Cheilteach a fhoghlaim ar feadh téarma. | Last year every student got the opportunity to learn a Celtic language for a term. |
| 24. | Bhí muid beirt ar bís leis an nGaeilge a fhoghlaim. | We were both excited to learn Irish. |
| 25. | Tháinig ár sinsir as Éirinn go Meiriceá sa naoú haois déag. | Our ancestors came from Ireland to America in the nineteenth century. |
| 26. | Tá sloinne Éireannach againn: ‘Murphy’. | We have an Irish surname: ‘Murphy’. |
| 27. | Is aoibhinn linn an Ghaeilge agus tá muid ag iarraidh níos mó a fhoghlaim. | We love Irish and we are trying to learn more. |
| 28. | Lá amháin bhí ár múinteoir Gaeilge ag caint faoi dhianchúrsa Gaeilge in Éirinn. | One day our Irish teacher was talking about an intensive course in Irish. |
| 29. | Chuir mé spéis ann agus rinne mé níos mó taighde. | I got interested in it and I did more research. |
| 30. | Fuair mé amach go mbeadh an dianchúrsa ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar feadh míosa. | I found out that the intensive course would be going on at the National University of Ireland, Galway. |
| 31. | Chláraigh muid don chúrsa ar an bpointe boise. | We registered for the course right away. |
| 32. | Tá cathair na Gaillimhe suite in iarthar na hÉireann. | The city of Galway is located in the west of Ireland. |

33. Ba as Chontae na Gaillimhe dár sinsir. Our ancestors were from County Galway.
33. Sin fáth eile go bhfuil muid ar bís le dul go hÉirinn! That's another reason why we are excited to go to Ireland.

Ceisteanna

Questions

1. Cá raibh Daniel ag tús an scéil? Where was Daniel at the beginning of the story?
2. Cá raibh Julia? Where was Julia?
3. Cá raibh siad ina gcónaí? Where did they live?
4. Cá raibh siad ag dul? Where were they going?
5. Cé acu is sine, Daniel nó Julia? Who is older, Daniel or Julia?
6. Cad atá siad ag déanamh san ollscoil? What are they doing in the university?
7. Cén deis a fuair na mic léinn? What opportunity did the students receive?
8. Cá mbeadh dianchúrsa ar siúl? Where would there be an intensive course?
9. An raibh tú i mBostún riabh? Were you ever in Boston?
10. An ndearna tú staidéar ar theanga eile riamh? Did you ever study another language?
11. An féidir leat teanga Ceilteach a ainmniú? Can you name a Celtic language?
12. Cén ábhar is mó a thaitníonn leat? Which subject do you like the most?